CONSILIUM

# ARDRÚNAÍOCHT CHOMHAIRLE AN AE
# *~ BILEOG FAISNÉISE ~*

## Oscailteacht agus trédhearcacht imeachtaí na Comhairle

An Bhruiséil, mí Iúil 2011

Le teacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin, cuireadh tús le ré nua oscailteachta agus trédhearcachta in imeachtaí na Comhairle. Ó tháinig an Conradh i bhfeidhm, i mí na Nollag 2009, tá gníomhaíochtaí na Comhairle níos oscailte agus níos sofheicthe. Is í an Chomhairle Príomhinstitiúid chinnteoireachta an Aontais, agus roinneann sí cumhacht na comhchinnteoireachta le Parlaimint na hEorpa i gcás fhormhór ghníomhartha reachtacha an Aontais, agus, mar sin, tá a cuid nósanna imeachta oscailte cheana féin ar an mórgóir. Déanann an Chomhairle a plé reachtach uile go poiblí agus tá rochtain ag an bpobal ar an gcuid is mó dá cuid doiciméad oifigiúil.

Cuirtear síos ar na forálacha atá i bhfeidhm maidir leis an oscailteacht agus leis an trédhearcacht in imeachtaí na Comhairle thíos. Bunaithe ar Airteagal 16(8) CAE agus ar Airteagal 15 CFAE agus leagtha síos i Rialacha Nós Imeachta na Comhairle[1], tá roinnt beart sonrach iontu freisin d'fhonn cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal is leithne is féidir.

[1] Is ón 1 Nollaig 2009 atá an leagan atá i bhfeidhm faoi láthair (Iris Oifigiúil L 325, 11.12.2009, lch 35).

**Plé agus díospóireachtaí poiblí**

- ***Plé reachtach***

  Nuair a ghníomhaíonn an Chomhairle mar reachtóir – i.e. nuair a phléann sí dréacht-ghníomhartha reachtacha arna nglacadh trí ghnáthnós imeachta reachtach nó trí nós imeachta reachtach speisialta nó nuair a chaitheann sí vóta ar na gníomhartha sin – tá a plé ar oscailt don phobal.

  Tá fáil ag an bpobal ar na doiciméid sin a chuirtear faoi bhráid na Comhairle agus atá liostaithe faoi ítimí a bhaineann le plé reachtach, agus ar an gcuid sin de mhiontuairiscí na Comhairle a bhaineann leis na hítimí sin den chlár oibre.

- ***Obair neamhreachtach***

  A mhéid a bhaineann leis an obair neamhreachtach a dhéanann sí, tá na himeachtaí ar oscailt don phobal nuair a dhéanann an Chomhairle:

  - tograí tábhachtacha neamhreachtacha a phlé agus a ghlacadh ar dtús ar tograí iad lena bhforchuirtear rialacha atá ceangailteach ó thaobh dlí sna Ballstáit nó do na Ballstáit, trí bhíthin rialachán, treoracha nó cinntí,
  - díospóireachtaí beartais a reáchtáil faoi chlár 18 mí na Comhairle Gnóthaí Ginearálta agus faoi thosaíochtaí na bhfoirmíochtaí eile den Chomhairle agus faoi chlár cúig bliana, clár oibre bliantúil agus straitéis bheartais bhliantúil an Choimisiúin,
  - díospóireachtaí poiblí a reáchtáil faoi mhórcheisteanna lena ndéantar difear do leasanna an Aontais Eorpaigh agus do leasanna a shaoránach.

Cuirtear in iúl don phobal i gcoitinne agus do na meáin chumarsáide roimh ré[1] má tá aon phlé poiblí nó díospóireachtaí poiblí le bheith ar siúl ag cruinnithe de chuid na Comhairle atá le teacht.

---

[1] Go háirithe trí fhógraí ar láithreán Idirlín na Comhairle agus trí na cláir oibre do chruinnithe na Comhairle a fhoilsiú ar chlár poiblí na Comhairle.

Déantar díospóireachtaí agus plé atá ar oscailt don phobal a tharchur trí mheáin chlosamhairc laistigh de lárionad preasa na Comhairle. Ionas go mbeadh an rochtain is forleithne is féidir ag an bpobal i gcoitinne, déantar gach díospóireacht phoiblí agus gach plé poiblí, chomh maith le vótáil phoiblí faoi ítimí a bhfuil plé reachtach ar siúl ina leith a chraoladh i ngach teanga trí fhís-sruthú ar láithreán Idirlín na Comhairle (http://www.consilium.europa.eu).

**Vótáil, míniúcháin ar vótáil agus miontuairiscí a chur ar fáil don phobal**

Gach uair a fheidhmíonn an Chomhairle mar reachtóir, cuirtear torthaí na vótála, na míniúcháin ar vótáil chomhaltaí na Comhairle agus na ráitis a chuirtear sna miontuairiscí ar fáil don phobal.

Nuair a ghlacann an Chomhairle tograí tábhachtacha neamhreachtacha lena bhforchuirtear rialacha atá ceangailteach ó thaobh dlí sna Ballstáit nó ar na Ballstáit, trí bhíthin rialachán, treoracha nó cinntí, cuirtear torthaí na vótála, na míniúcháin ar vótáil chomhaltaí na Comhairle agus na ráitis a chuirtear sna miontuairiscí ar fáil don phobal chomh maith.

Féadfar torthaí eile agus míniúcháin eile ar vótáil ar ghníomhartha neamhreachtacha a chur ar fáil don phobal le cinneadh ón gComhairle nó ó Choiste na mBuanionadaithe a dhéanfaí arna iarraidh sin do dhuine amháin dá gcuid comhaltaí. I gcás gníomhartha a bhaineann leis an gComhbheartas Eachtrach agus Slándála, glactar an cinneadh d'aon toil.

Tá an fhaisnéis seo ar fáil freisin san achoimre mhíosúil ar ghníomhartha na Comhairle, atá ar fáil ar láithreán Idirlín na Comhairle (http://www.consilium.europa.eu, faoi Doiciméid / Trédhearcacht Reachtach / Achoimre ar Ghníomhartha na Comhairle).

**An Preas**

Nóta: Reáchtáiltear mórsheisiúin faisnéise don phreas roimh gach cruinniú den Chomhairle, lena linn agus ina dhiaidh.

**Teacht ar dhoiciméid na Comhairle**

Féadfaidh gach saoránach teacht ar dhoiciméid de chuid na Comhairle faoi na coinníollacha a leagtar síos leis na téacsanna atá i bhfeidhm[1]. Tá clár poiblí de dhoiciméid na Comhairle ar fáil ar láithreán Idirlín na Comhairle (http://register.consilium.europa.eu).

**Doiciméid tagartha**:

– Cinneadh ón gComhairle an 1 Nollaig 2009 lena nglactar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle – Iris Oifigiúil L 325, 11.12.2009, lch. 35.
– Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid – Iris Oifigiúil L 145, 31.05.2001, lch. 43.
– Treoir do na Meáin (Deireadh Fómhair 2009, ISSN 1682-3826).

**Teagmhálacha agus seoltaí úsáideacha:**

– Láithreán Idirlín na Comhairle: *http://www.consilium.europa.eu*
– Faisnéis don phobal i gcoitinne: *http://www.consilium.europa.eu/infopublic*
– Rochtain ar dhoiciméid: *access@consilium.europa.eu*
– Clár poiblí de dhoiciméid na Comhairle: *http://register@consilium.europa.eu*
– Lárionad an Phreasa: *http://www.consilium.europa.eu/presse*

[1] Rialachán Uimh. 1049/2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid, agus Rialacha Nós Imeachta na Comhairle.